Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0156(NLE)

12.2.2026

****

DRÉACHTMHOLADH

maidir le dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh
(11283/2025 – C10-0278/2025 – 2025/0156(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jaroslav Bžoch

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 7

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (11283/2025 – C10-0278/2025 – 2025/0156(NLE))

(Toiliú)

Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11283/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (11284/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus le hAirteagal 87(2), pointe (a), agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0278/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na hÍoslainne.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is céim thábhachtach chun cinn é tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, chun comhar idirnáisiúnta a neartú i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí trasnáisiúnta.

Leis an gComhaontú maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí leis an Íoslainn, beifear in ann sonraí paisinéirí a bhailíonn na haerlínte a aistriú chuig na húdaráis náisiúnta chun críoch shlándála. Tá an fhaisnéis sin tábhachtach, mar is féidir léi eilimintí tábhachtacha a sholáthar do na húdaráis trínar féidir leo patrúin taistil amhrasacha a bhrath agus comhghleacaithe coirpeach agus sceimhlitheoirí a shainaithint, go háirithe iad siúd nach raibh na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas fúthu roimhe seo. Ní hamháin go mbraithfidh seo an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí, amhail cionta a bhaineann le drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, ach cabhróidh sé le coireanna den sórt sin a chosc freisin. Léiríodh gur uirlis éifeachtach é an próiseáil sonraí maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí chun slándáil a neartú ar fud limistéar Schengen trí rannchuidiú leis an gcoireacht a bhrath ag na teorainneacha seachtracha agus lena gcuirtear ar chumas na mBallstát cur chuige rioscabhunaithe, sonraíbhunaithe a chur i bhfeidhm laistigh de limistéar Schengen.

Is fiú béim a leagan air gur léiriú é an comhaontú ar chomhardú cúramachidir riachtanais slándála agus príobháideachas an duine aonair a chosaint. Bunaíonn sé rialacha soiléire lena rialaítear próiseáil, stóráil, úsáid agus coinneáil sonraí maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí. Áirítear coimircí dochta chun a áirithiú go mbainfear úsáid as sonraí go heisiach chun críocha sonraithe, nach gcoimeádfar iad ach ar feadh tréimhsí teoranta, agus go gcosnófar iad ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraithe. Treisíonn sásraí formhaoirseachta agus cearta chun sásaimh do dhaoine aonair an trédhearcacht agus an chuntasacht tuilleadh fós. Tá sé seo deimhnithe ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, a d'eisigh tuairim dhearfach inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil na coimircí is gá sa chomhaontú chun go mbeidh sé comhoiriúnach do chreat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Mar chonclúid, léiríonn an comhaontú maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí leis an Íoslainn go bhfuil aitheantas comhroinnte go bhfuil réitigh comhordaithe trasteorann de dhíth ar dhúshláin slándála nua-aimseartha. Rannchuidíonn an comhaontú le taisteal idirnáisiúnta níos sábháilte agus an smacht reachta agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna, trí chomhroinnt faisnéise a chomhcheangal le ráthaíochtaí daingne maidir le cosaint sonraí.

Tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsaítear an comhar idirnáisiúnta maidir le forfheidhmiú an dlí, go háirithe trí chomhroinnt fhaisnéise atá éifeachtach agus tráthúil, chun freagairt ar na bagairtí casta síorathraitheacha a thagann as an sceimhlitheoireacht agus as an gcoireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta agus, dá réir sin, go gcuirtear feabhas ar shábháilteacht agus slándáil ár saoránach. Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa a toiliú don Chomhairle chun an comhaontú seo a thabhairt i gcrích.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)